# Glór Cheatharlach

## Coláiste Samhraidh 2013 faoi lán seoil



Tá slua mór ag freastal ar an gcoláiste samhraidh

TÁ Coláiste Samhraidh ar siúl i mbaile Cheatharlach don cúigiú bhliain as a chéile agus tá ag éirí go hiontach leis. Cuireadh tús leis an gcúrsa coicíse ar an 1ú Iúil agus tá teach lán ann le beagnach 60 déagóirí ag freastal ar an gcoláiste samhraidh atá lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach.

Eagraithe ag Glór Cheatharlach, bhí an-éileamh go deo ó thuismitheoirí ar áiteanna i mbliana mar rogha eile seachas a gcuid bpáistí a sheoladh as baile go dtí cúrsa samhraidh sa Ghaeltacht.

Tá na daltaí, atá idir aois 12 agus 18, ag caitheamh coicíse ag foghlaim Gaeilge agus ag glacadh páirte i ngach saghas gníomhaíochtaí le spórt agus spraoi acu trí mhéan na Gaeilge. Is togra iontach é an Coláiste Samhraidh agus tá na daltaí an-sásta leo féin agus iad ag cur feabhais ar a gcuid scileanna teanga chomh maith le taitneamh á bhaint acu as na himeachtaí cultúrtha uile.

Chomh maith le Co Cheatharlach tá na rannpháirtithe ag taisteal chuig an coláiste samhraidh ó Chill Chainnigh, Chill Dara, Loch Garman, Cill Mhaintáin agus Co.Laoise. Cuirtear ranganna Gaeilge le meascán maith de chomhrá agus gramadach, plé agus diospóireacht in oiriúint do na daltaí ar fáil dóibh gach lá. Agus is aoibhinn leo an rogha maith d'imeachtaí cultúrtha atá ar an gclár chomh maith. Tá an Céilí ag dul i bhfeidhm go mór ar na déagóirí uile agus iad ag baint suilt as Ionsaí na hInse, Ballaí Luimní agus Baint an Fhéir.

Thar aon ní eile cuireann an coicís a chaitheann siad sa choláiste samhraidh ina luí orthu gur féidir leo taitneamh agus spraoi a bhaint as an teanga a fhoghlamaíonn siad ar scoil lá i ndiaidh lae. Chomh maith le cur lena gcuid líofachta féin sa teanga táid ag casadh le cairde nua trí Ghaeilge. Ar an bhfoireann teagaisc tá Orlaith Ní Mhórda, Máire Ní Fhaoláin, Ellen Ní Choisdealbha, Lucy Ní Bhroin, Emma Uí Bhroin agus Bríde de Róiste. Leanfar leis an gColáiste Samhraidh go deireadh na seachtaine seo.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| faoi lán seoil | in full flight |
| coicís | fortnight |
| lonnaithe | based |
| éileamh | demand |
| seachas | instead |
| gníomhaíochtaí | activities |
| teanga | language |
| líofacht | fluency |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## ANSEO Aip

Urraithe ag Foras na Gaeilge

SEOLADH aip nua dar teideal Anseo atá dírithe ar mhuintir na Gaeilge le déanaí.

Cruthaíonn Anseo App nasc digiteach idir lucht labhartha na Gaeilge timpeall na tíre idir fhoghlaimeoirí, ghnólachtaí, ghrúpaí pobail agus cultúrtha, scoileanna agus eagraíochtaí Gaeilge.

Príomhaidhm na haipe, atá le fáil anois ar Shiopa Aipeanna Apple agus ar an margadh Android, ná gréasáin a chruthú i measc Ghaeilgeoirí uile na tíre trí chóras suite domhanda. Úsáidtear an aip le cainteoirí eile sa cheantar a aimsiú chomh maith le comhlachtaí agus eagraíochtaí Gaeilge, agus is féidir teacht ar ócáidí Gaeilge sa cheantar freisin.Tá Anseo maoinithe ag Foras na Gaeilge tríd an tionscnamh Nuálaíocht i Réimse an Ghnó.

Bunathróidh AnseoApp an bealach ina n-úsaideann daoine an Ghaeilge. Beidh sé níos éasca chun dul i dteagmháil le Gaeilgeoirí eile, chun imeachtaí agus eachtraí Gaelacha a aimsiú agus spreagfaidh sé an lucht foghlama agus Gaeilgeoirí araon chun úsáid a bhaint as an nGaeilge sa ghnáthshaol. Cabhróidh AnseoApp spás sa ghnáthshaol a bhaint amach don Ghaeilge agus chun cabhrú léi leathnú. Níos fearr fós tá sé saor agus mar sin tá an réabhlóid Anseo anseo!

Leis an aip nua Anseo is féidir Gaeilgeoirí atá in aice láimhe a aimsiú, féachaint ar a bpróifíleanna agus teachtaireachtaí a sheoladh chucu. Is féidir dul i dteagmháil le Gaeilgeoirí eile atá sa cheantar agus cur le líon chairde le Gaeilge. Tá sé seo éasca agus áisiúil le AnseoApp.

Buntáiste eile atá le AnseoApp ná an cumas chun ceangailt le gnóthaí Gaelacha sa cheantar agus ar fud an domhain. Is féidir le húsáideoirí na próifíleanna gnó a léamh is a fheiceáil ar léarscáil idirghníomhach. Spreagann AnseoApp na gnóthaí áitiúla chun úsáid a bhaint as an nGaeilge chomh maith le tacú le Gaeilgeoirí a ngnáthshaol a chaitheamh trí Ghaeilge.

Ní hamháin sin, ach cabhraíonn AnseoApp na himeachtaí a dhéantar trí Ghaeilge a aimsiú mar shampla ranganna Gaeilge, ceolchoirmeacha, clubanna cultúrtha agus a lán rudaí eile a aimsiú ar an léarscáil idirghníomhach.

Tá sé anseo, AnseoApp! Tá gach eolas ar www.anseoapp.com.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| nasc digiteach | digital link |
| gnólachtaí | companies |
| eagraíochtaí | organisations |
| gréasáin | networks |
| aimsiú | locate |
| tionscnamh | project |
| nuálaíocht | innovation |
| buntáiste | advantage |
| idirghníomhach | interactive |
| léarscáil | map |

Anseo



Junior infant Sean Donlon competing in the water relay race on sports day in St Joseph's NS

## An Léamh Mór sa leabharlann

CUIREADH tús le Léamh Mór an tSamhraidh ins na leabharlanna uile i gContae Cheatharlach ar an 1ú Iúil. 'Séard atá i gceist leis An Léamh Mór ná tionscnamh atá eagraithe ag foirne na leabharlann chun páistí a spreagadh agus a mhealladh chun carn leabhar a léamh i rith an tsamhraidh agus iad ar saoire ón scoil. Tá an tionscnamh dírithe ar bhuachaillí agus ar chailíní idir aois a sé bliana agus dhá bhliain déag d'aois agus mairfidh an scéim go dtí 31ú Lúnasa. Tá na leabharlanna i mBaile Cheatharlach, Buiríos, Muinebheag agus sa Tulach ag reachtáil na scéime i mbliana. Níl le déanamh ag na rannpháirtithe ach iad féin a chlárú don tionscnamh léitheoireachta sa leabharlann áitiúil agus cárta dílseachta a bhailiú. Cuirfear stampa ar an gcárta gach uair a thógann siad leabhar amach agus nuair a bheidh deich stampa air féadfaí an cárta a chur isteach le haghaidh crannchuir ag deireadh Lúnasa. Níl teora leis an méid leabhair gur féidir a léamh ná an méid cártaí gur féidir a líonadh ach ar ndóigh dá mhéid sea is mó seans ar dhuais a bhuachaint. Reachtálfar ócáid mhór sa fómhar do na léitheoirí go léir nuair a bronnfar na duaiseanna chomh maith le teastais léitheoireachta. Tá fáilte roimh chách agus is féidir tosú ag am ar bith. Tá gach eolas faoi An Léamh Mór ar fáil ar www.carlowlibraries.ie nó 059 9129705 nó ón leabharlann áitiúil.

| GLUAIS: | GLOSSARY: |
|---|---|
| An Léamh Mór | The Big Read |
| leabharlann | library |
| tionscnamh | initiative |
| spreagadh | encourage |
| rannpháirtithe | participants |
| a chlárú | to register |
| cárta dílseachta | loyalty card |
| crannchur | raffle |
| duaiseanna | prizes |
| teastais | certificates |

